

Cuntas Leithreasa 2024

Vóta 31

Iompar

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 31, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus é a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

I gcomhréir leis an riachtanas sin, tá an cuntas atá faoi cheangal ullmhaithe agam le haghaidh an mhéid a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 ar thuarastail agus speansais Oifig an Aire Iompair, lena n-áirítear seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, agus chun deontais áirithe agus seirbhísí áirithe eile a íoc.

Cuirtear an t-olltoradh caiteachais i gcomparáid leis na suimeanna

- arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2024, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasáí i gcabhair ar chaiteachais don bhliain, agus
- a soláthraíodh le haghaidh seirbhísí soláthair chaipitil in 2024 as leithreasaí 2023 nár caitheadh, faoi na socruithe um ghéilleadh iarchurtha a leagadh síos le halt 91 den Acht Airgeadais, 2004.

Tá barrachas €38.369 milliún faoi dhliteanas le géilleadh don Stáitchiste.

Is cuid den chuntas é ráiteas na mbeartas agus na bprionsabal cuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Athruithe le struchtúr an chláir

Leasaíodh an fhormáid inar cuireadh i láthair an clár caiteachais sa vóta iompair do 2024 chun deontais agus bonneagar feithicil leictreach (EV) a athailíniú ó Iompar Poiblí chuig Líonraí Bóithre agus Sábháilteacht ar Bhóithre agus trí mhol digiteach nua a thabhairt isteach maidir le beartas agus seirbhísí iompair dírithe ar an saoránach a fhorbairt agus a sheachadadh a bhainfidh leas as deiseanna digiteacha, a chruthóidh réitigh agus éiceachórais dhigiteacha agus a bheidh ina cheannaire digiteach. Léirítear na hathruithe i struchtúr an Vóta freisin i gcaiteachas comparáideach 2023.

Ráiteas na mbeartas agus na bprionsabal cuntasaíochta

Na beartais agus na prionsabail cuntasaíochta chaighdeánacha chun cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar a leag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin amach i gclár 20 de 2024, cuireadh i bhfeidhm iad agus an cuntas á ullmhú. Áirítear leis sin cur i bhfeidhm roinnt Caighdeán Chuntasaíochta de chuid an Rialtais Láir (CGAS) a tugadh i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2024.

Dímheas sócmhainní caipitil

Déantar dímheas maoine, gléasra agus trealaimh agus amúchadh sócmhainní doláimhsithe a ríomh agus a mhuirearú i gcomhréir le CGAS 17 agus CGAS 31 faoi seach.

Is iad seo a leanas saolréanna ionchais agus rátaí gaolmhara dímheasa/amúchta na móraicmí sócmhainní.

<i>Aicme sócmhainne</i>	<i>Saolré ionchais</i>	<i>Ráta dímheasa/amúchta</i>
Trealamh oifige agus mótarfheithiclí	1-5 bliana	100%-20%
Saintrealamh	2-5 bliana	50%-20%
Troscán agus feistis	1-10 mbliana	100%-10%
Ceadúnais bogearraí	Téarma ceadúnais 2-10 mbliana	50%-10%
Bogearraí faighte/forbartha	10 mbliana	10%

An ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

Freagracht as córas an rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm le háirithiú go gcaomhnaíonn agus go gcuireann an Roinn córas éifeachtach maidir le rialú inmheánach airgeadais i bhfeidhm.

Cuirim an fhreagracht seo i bhfeidhm i gcomhthéacs na n-acmhainní ar fáil dom agus na n-oibleagáidí eile atá orm mar Ard-Rúnaí.

Anuas air sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaraítear agus go dtaifeadtar idirbhearta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtacht á n-athbhreithniú i gcónaí. Leanaím ag déanamh athbhreithniú agus leasú ar chórais agus struchtúir chun tacú le dea-rialachas chomh maith le hiompair iomchuí a atreisiú.

In 2024, choimisiúnaigh mé athbhreithniú neamhspleách ar chreata um rialú airgeadais, um bainistíocht riosca agus um iniúchóireacht inmheánach na Roinne. Tá na moltaí sna tuarascálacha sin á mbreith faoi láthair agus ord tosaíochta á ndéanamh dóibh lena gcur i bhfeidhm.

Cúrsaí eagraíochtúla

Áirítear an méid a leanas ar athruithe eagraíochtúla agus éachtaí suntasacha le linn 2024.

- Cur i bhfeidhm struchtúr nua san Acmhainní Daonna (HR) lena n-áirítear ceapadh Ceannasaí Daoine, Acmhainneachta agus Athraithe nua le hobair i dteannta an Cheannasaí Daoine, Feidhmíochta agus Pleanála.
- Méadú ar an líon daoine chuig 692 faoi dheireadh 2024 le roinnt comórtas do phríomhcheapacháin. Áiríodh orthu sin Príomhoifigeach Faisnéise (CIO) chun an straitéis TF agus an mol digiteach a threorú, agus Ceannasaí Iniúchóireachta Inmheánaí ag leibhéal Príomhoifigigh (PO) chun treorú maidir le maoirseacht éifeachtach na gcóras nósanna imeachta inmheánaigh rialaithe, bainistíochta riosca agus rialachais chorpáraidigh a thacú, a fhorbairt agus a athbhreithniú ar fud na Roinne.
- Obair shuntasach chun ullmhúchán a dhéanamh d'uachtaránacht na hÉireann ar an gComhairle Eorpach, ó mhí Iúil 2026 go mí na Nollag 2026 lena n-áirítear Comhairleoir PO a roghnú sa Bhuanionadaíocht sa Bhruiséil a bheidh ag líne thosaigh obair uachtaránachta na Roinne.

- Seoladh i mí Aibreáin 2024 de chomórtas Luachanna i nGníomh na Roinne inar lorgaíodh samplaí ón bhfoireann maidir leis an gcaoi a raibh siad ag maireachtáil trínár luachanna éiteas seirbhíse poiblí, uailmhéine, comhoibrithe, agus cáilíochta agus seachadta. Cuireadh isteach 31 iontráil iontach ar an iomlán ó gach cuid den Roinn, ag léiriú ní hamháin go raibh tuiscint ar na luachanna ach an chaoi a raibh siad leabaithe i gcleachtais oibre agus i gcinnteoireacht. Bhí an tionscnamh seo mar bhuaic de thuras cultúir agus luachanna na Roinne le trí bliana anuas agus imeacht bliantúil a bheidh ann feasta.
- Bhuaigh an Roinn Gradam Bainistíochta agus Ceannaireachta AD 2024 agus bhí sí ar an ngearrliosta do Ghradam CIPD 2025 as a cuid oibre ar chultúr agus luachanna.

Seirbhísí comhroinnte

Gné thábhachtach dár gcreat seachadta is ea na comhaontuithe seirbhísí comhroinnte, a chinntíonn comhsheasmhacht i gcur chuige agus a ligeann dár bhfeidhmeanna corparáideacha díriú ar a gclár oibre straitéiseach.

Thug an tOifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte litir dom ina leagtar amach an dul chun cinn a rinneadh i bhforbairt an phróisis ráthaíochta iniúchta. Tugtar aghaidh sa litir sin ar an gcreat rialachais agus na rialuithe atá i bhfeidhm agus áirítear ann tuarascálacha na n-iniúchtaí a rinneadh maidir leis na rialuithe laistigh den timpeallacht um sheirbhísí comhroinnte.

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais an Chomhaontaithe Bainistíochta Seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le haghaidh soláthar seirbhísí acmhainní daonna agus comhroinnte maidir le párolla.

Táim ag brath ar litir ráthaíochta ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialuithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don Roinn seo.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Tá creat bainistíochta airgeadais aibí i bhfeidhm ag an Roinn a breisíodh in 2021 le nuashonrú ar an gcóras bainistíochta airgeadais agus in 2021 agus 2022 le forfheidhmiú agus síneadh rathúil na hacmhainneachta uathoibrithe próiseas róbatach i réimse na próiseála cuntas. Lean córas oibríochtaí íocaíochtaí an Rannáin Airgeadais de bheith deimhnithe ag ISO.

Tá timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a chuimsíonn na gnéithe seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal na bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun clistí suntasacha maidir le rialú a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúcháireachta ann le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras maidir leis an rialú inmheánach airgeadais.
- Doiciméadaíodh na nósanna imeachta do phríomhphróisis ghnó.
- Cuirtear oiliúint ábhartha ar fáil de réir mar is gá.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Tá creat maidir le nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta.

- Tá córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an ardbhainistíocht.
- Bíonn athbhreithnithe rialta á ndéanamh ag lucht ardbhainistíochta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamh-mheastachán.
- Oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a áirithiú.
- Tá treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil cuí agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.

I ndáil lena nósanna imeachta bainistíochta, deimhníodh go bhfuil Rannán Airgeadais na Roinne comhlíontach le caighdeán ISO 9001:2015. Sonraítear sa chaighdeán idirnáisiúnta seo, arna fhoilsiú ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán (ISO), na ceanglais maidir le córas bainistíochta cáilíochta (QMS). Córas foirmiúil is ea QMS ina ndéantar doiciméadú ar phróisis, nósanna imeachta, agus freagrachtaí chun beartais agus cuspóirí cáilíochta a bhaint amach.

Soláthar

Cinntíonn an Roinn go leagtar an bhéim chuí ar dhea-chleachtas soláthair agus na conarthaí ar fad á mbronnadh agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcloítear leis na treoirlínte ábhartha ar fad.

Chuir an Roinn mionsonraí ar fáil den deich gconradh neamhiomaíochas os cionn €25,000 sa tuairisceán bliantúil i ndáil le ciorclán 40/2002 don Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin. Ba é €3,202,834 luach iomlán na ndéich gconradh.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Chomhlíon an Roinn na treoirlínte cé is moite de chúig chonradh os cionn €25,000 (gan CBL san áireamh) ar tugadh fúthu gan próiseas iomaíoch, arbh fhiú €544,104 san iomlán iad (gan CBL san áireamh) mar atá leagtha amach thíos.

Síníodh conradh amháin dar luach €74,868 chun eagarthóireacht agus síniú leictreonach Formáide Doiciméad Iniompartha a sholáthar in 2024. Bhí rogha ann táirge eile a roghnú ach ní raibh luach ar airgead i gceist leis an gcostas ar ascnamh, suiteáil agus tástáil.

Síníodh conradh amháin dar luach €69,230 chun bogearraí a sholáthar a chumasaíonn macasamhlú sonraí fíoraima. Athnuachan ceadúnais bhliantúil atá anseo atá iníoctha go bliantúil. Bhí rogha ann táirge eile a roghnú ach ní raibh luach ar airgead i gceist leis an gcostas ar ascnamh, suiteáil agus tástáil.

- Bhain conradh amháin dar luach €52,906 le seirbhísí glantacháin in oifig na Roinne i Sionainn. Leanadh ar aghaidh leis an gconradh seo ar feitheamh cinneadh maidir le hathlonnú an Rannáin.
- Sháraigh conradh amháin dar luach €202,100, chun ceadúnú raidió loinge ar líne agus córais bunachar sonraí clárlainne EPIRB a sholáthar, sháraigh sé a luach dámhachtana conartha. Tá sé i gceist ag an Roinn dul chuig an margadh maidir le tacaíocht agus forbairt an chórais amach anseo in R2 2025.

- Bhain conradh amháin dar luach €145,000 le seirbhísí bainistíochta imeachta chun imeacht Taispeántas Scileanna LogisTYcs a sheachadadh. Cé gur reáchtáladh próiseas iomaíoch (iarraidh ar mheastacháin), bhí an luach gan CBL san áireamh os cionn €25,000. Foilsíodh iarraidh ar thairiscintí i ndáil le himeacht 2025 in 2024 agus bronnadh conradh in Eanáir 2025.

Le linn 2024, ghlac an Roinn roinnt céimeanna chun cleachtas soláthair éifeachtach a thacú agus a neartú a thuilleadh, lena n-áirítear

- acmhainní méadaithe dá feidhm sholáthair
- foláireamh uathobrithe a chur ar fáil chun aonaid ghnó a chur ar an eolas go bhfuil conradh ag dul in éag, arna eisiúint ag sé mhí, trí mhí agus coicís roimh dháta deiridh an chonartha, agus
- tús a chur le clár saincheaptha oiliúna scileanna don fhoireann. D'fhreastail 100 ball foirne ar oiliúint in 2024, agus tá oiliúint bhreise beartaithe le linn 2025.

Iniúchadh inmheánach agus an Coiste Iniúcháireachta

Tá feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn ina bhfuil pearsanra atá oilte go cuí, agus a oibríonn i gcomhréir le cairt scríofa atá faofa agam. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar an gcairt seo faoi láthair chun comhlíontacht a chinntiú le caighdeáin iniúcháireachta domhanda nua Institiúid na nIniúcháirí Inmheánacha atá i bhfeidhm ó Eanáir 2025.

Tá obair na feidhme iniúcháireachta inmheánaí bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn nochta dóibh agus tá a pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla, arna bhfaomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé de sprioc ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúcháireachta an fheidhm iniúchta inmheánaigh a athbhreithniú ó am go chéile.

Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le háirithiú go ndéanfar measúnú leantach ar thuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaigh ar bhonn tráthúil agus go bhfaigheann an fheidhm iniúchta inmheánaigh agus an Coiste an tacaíocht go léir a theastaíonn uathu ó gach cuid den Roinn.

Le linn 2024, rinne an IAU príomh-mholtaí tar éis na n-iniúchtaí a liostaítear thíos.

Iniúchadh ar na socruithe maoirseachta atá i bhfeidhm maidir le rialachas corparáideach an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA)

Bhí toradh ardleibhéil amháin sa tuarascáil maidir le cur chuige níos solúbtha, rioscabhunaithe a thabhairt isteach i leith fíorú comhlíontachta ar chomhlíonadh RSA leis an *gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit* agus an reachtaíocht ábhartha. Dúnadh an moladh sin in R1/2024.

Iniúchadh ar bhainistiú flít laistigh de Gharda Cósta na hÉireann – dhá mholadh ardleibhéil

Baineann an chéad mholadh le comhlíontacht cánach sochar comhchineáil agus coinneáil logleabhair flít.

Forbraíodh dréachtbheartas feithicle agus tá athbhreithniú á dhéanamh air faoi láthair. Cuireadh córas bainistíochta cothabhála i bhfeidhm le hiniúchtaí tréimhsiúla sceidealta feithicle ina gcuimsítear iniúchtaí logleabhair agus a ghabhann taifead logleabhar feithicle le grianghraf ar an leathanach is deireanaí. Tá coinne leis go gcuirfear an moladh sin i bhfeidhm go hiomlán faoi R1/2025.

Baineann an dara moladh le bainistíocht teagmhas flít. Tugadh aghaidh ar phéire de na fomholtaí agus dúnadh iad. Maidir leis na fomholtaí eile, molann an tAonad Iniúchta Inmheánaigh (IAU) go ndéanann an bhainistíocht

1. cláir oiliúna agus feasachta a chur ar fáil don phearsanra uile, lena n-áirítear oibrithe deonacha, maidir le nósanna imeachta tuairiscithe agus imscrúdaithe eachtra
2. d'eachtraí a bhaineann le foireann Gharda Cósta na hÉireann (IRCG), prótacal a bhunú a chinntíonn ní hamháin go dtuairiscítear Foirmeacha Tuairiscithe Eachtra Náisiúnta (NIRF) chuig soláthraí seirbhíse tríú páirtí ach go roinntear freisin iad le Rannán Cáilíochta agus Comhlíontachta Sábháilteachta (SQC) IRCG agus Foireann Sláinte agus Sábháilteachta na Roinne Iompair i gcomhair iniúchadh agus gníomhaíochtaí leantacha iomchuí
3. córas cuntasachta a chur i bhfeidhm maidir le NIRFanna a chomhlánú agus a chur isteach. Ba cheart a áireamh leis sin treoirínte soiléire maidir le cé atá freagrach as na NIRFanna a thosú, a chomhlánú agus a athbhreithniú chun easnamh agus neamairt a chosc, agus
4. athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht an chórais bainistíochta eachtra aontaithe ina gcomhtháthaítear láimhseáil eachtraí a bhaineann le hoibrithe deonacha agus leis an bhfoireann, lena chinntiú go ndéantar cuíchóiriú ar phróisis tuairiscithe, imscrúdaithe, agus réitigh, chun comhsheasmhacht agus comhlíonadh dea-chleachtais a chinntiú.

Iniúchadh ar na socruithe atá i bhfeidhm ag Garda Cósta na hÉireann (IRCG) maidir le soláthar agus cothabháil an trealamh cosanta pearsanta (PPE) a úsáideann baill IRCG.

Leagtar amach sa tuarascáil trí mholadh ardleibhéil atá fós ar oscailt go dáta in 2025.

Tá ceithre fhomholadh sa chead mholadh, ar cuireadh ceann díobh i bhfeidhm i R4/2024, tá an chuid eile sceidealta lena gcríochnú in 2025. Is iad na fomholtaí go ndéanadh IRCG

1. taifid a choinneáil maidir le trealamh cosanta pearsanta (PPE) atá eisithe, lochtach, as feidhm, tugtha ar ais agus diúscartha agus machnamh a dhéanamh ar chórais TF reatha a úsáid chun taifeadadh agus monatóireacht éifeachtúil PPEanna a éascú ón am a fhaightear ó sholáthróirí iad go dtí go n-eisiatar iad d'oibrithe deonacha agus go ndiúscaítear iad
2. míreanna fardail a chatagóiriú sa chóras Intact maidir le cé acu ar PPE iad
3. scrúdú agus breisiú a dhéanamh ar na nósanna imeachta a dhéanann IRCG chun PPE a lipéadú (lipéadú de lámh nó úsáid cód QR uathoibrithe) chun rianú cuíchóirithe a éascú, agus
4. a chinntiú go bhfuil na taifid sna córais beacht agus bunaithe ar an gcomhaireamh iarbhir i stór IRCG (dúnta R4/2024).

Tá ceithre fhomholadh sa dara mholadh, ar tugadh aghaidh ar phéire díobh, agus a bhfuil coinne leis go gcuirfear péire díobh i bhfeidhm níos déanaí in 2025. Moltar don bhainistíocht sna moltaí atá fós le cur i bhfeidhm

1. monatóireacht a dhéanamh ar na nótaí seachadta fillte lena chinntiú go seachadtar PPE i gceart, agus go dtugtar aghaidh i gceart ar aon mhíreanna atá in easnamh; agus
2. a chinntiú go ndéantar faireachán ar shaolré ábhartha an PPE.

Baineann an tríú moladh ardleibhéil, ina bhfuil cúig fhomholadh, le córais TF a úsáidtear i mbainistíocht PPE de chuid IRCG. Cuireadh péire den chúig fhomholadh i bhfeidhm, tá trí cinn fós le cur i bhfeidhm. Mhol IAU don bhainistíocht

1. smaoineamh ar úsáid an chórais Intact chun taifeadadh a dhéanamh ar shonraí na gcustaiméirí i réimsí ar leithligh chun monatóireacht ar eisiúint PPE a cheadú
2. fiosrú a dhéanamh ar indéantacht úsáid a bhaint as an gcóras Intact chun sonraí breise a thaifeadadh maidir le PPE amhail dátaí monaraíochta agus tréimhsí éaga, agus chun fógraí a sheoladh nuair a bhíonn an stoc íseal agus nuair a bhíonn an stoc gar le dul in éag
3. fiosrú a dhéanamh, tar éis d'aistriú na Roinne Iompair chuig Seirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais (FMSS), ar chumas an chórais bainistíochta fardail chun rianú a dhéanamh agus chun monatóireacht chuimsitheach ceann le ceann a chumasú ar PPE
4. a chinntiú nach bhfuil i dtaifid Intact ach taifid fardail agus nach n-áirítear iontu faisnéis a bhaineann le flít cosúil le feithiclí (curtha i gcrích i R1 2024), agus
5. a chinntiú go ndéantar catalóg Thairseach Stóir IRCG a nuashonrú, agus go mbíonn an PPE ar fad ar fáil ach iad a iarraidh (curtha i bhfeidhm R4 2024).

Le linn 2023, rinne an IAU moltaí tar éis na n-iniúchtaí a liostaítear thíos.

Iniúchadh ar Fheithiclí Astaíochtaí Nialasacha Éireann (ZEV)

Bhí toradh ardleibhéil amháin sa tuarascáil. Mhol IAU go gcuirfí comhaontuithe i bhfeidhm leis na comhlachtaí Stáit atá i gceannas ar bhainistiú scéimeanna a mhaoiníonn ZEV. Tá an moladh seo curtha i bhfeidhm anois.

Le linn 2022, rinne an IAU roinnt moltaí tar éis na n-iniúchtaí a liostaítear thíos.

Iniúchadh ar shocruithe TF san Aonad Imscrúdaithe Timpiste Iarnróid (RAIU).

Tá dhá thoradh ardleibhéil sa tuarascáil. Baineann an chéad cheann díobh seo leis an gcomhaontú seirbhíse idir an Roinn agus a soláthraí seirbhíse TF bainistithe. Mhol IAU go ndéanfaí an comhaontú seirbhíse a athbhreithniú go tráthrialta agus go leasófaí é lena chinntiú go bhfuil sé cuimsitheach, reatha, agus ábhartha. Cuireadh an moladh seo i bhfeidhm go hiomlán i R1/2025.

Baineann an toradh agus an moladh eile leis an ngá chun athbhreithniú a dhéanamh ar chumraíochtaí slándála TFC agus aon choigeartuithe riachtanacha a dhéanamh. Glacadh na gníomhartha riachtanacha uile agus tá an moladh seo dúnta.

Iniúchadh ar na socruithe atá i bhfeidhm sa Roinn Iompair chun tacú le soláthar éifeachtach agus comhlíontach.

Cuireadh *dréacht-Phlean Soláthair Chorporáidigh 2025-2027* i láthair an Bhoird Bainistíochta agus cheadaigh siad é ar an 7 Eanáir 2025. Tá na moltaí uile a bhaineann leis an iniúchadh dúnta anois.

Imscrúdú fóiréinseach

Thagair an ráiteas maidir le rialú inmheánach airgeadais i gcuntas leithreasa 2021 don tuarascáil a d'fhoilsigh an tArd-Reachtair Ciste agus Cuntas i mí Dheireadh Fómhair 2021 maidir le soláthar feithiclí do Gharda Cóta na hÉireann. Áiríodh sa tuarascáil roinnt moltaí, ar ghlac an Roinn leo ar fad agus a cuireadh i ngníomh.

D'fhostaigh an Roinn freisin seirbhísí saineolaí neamhspleách tríú páirtí chun scrúdú breise fóiréinseach a dhéanamh ar na próisis soláthair i nGarda Cóstá na hÉireann agus ar thaifid ábhartha eile ar feadh tréimhse bhreisithe.

Ó foilsíodh Tuarascáil Speisialta C&AG in 2021 (agus torthaí an iniúchta fhóiréinsigh mar bhuntaca leis,) thug an Roinn faoi athbhreithniú ó bhun go barr agus clár cuimsitheach oibre chun cnámh droma corparáideach na Roinne a athstruchtú agus a neartú agus chun ár gcórais rialaithe agus rialachais inmheánaigh a bhreisiú. Dá thoradh seo, cuireadh struchtúir, tacaíochtaí agus beartais nua i bhfeidhm feadh an raon iomlán feidhmeanna corparáideacha lena n-áirítear AD, soláthar, riosca, rialuithe airgeadais agus iniúchadh inmheánach.

Chun achoimre a dhéanamh ar roinnt gníomhartha a glacadh; cuireadh clár athchóirithe soláthair cuimsitheach i bhfeidhm ó bhí 2019 ann, ag tosú le hanailís ar bhearnaí, iniúchtaí, agus mapáil próiseas, agus ina dhiaidh sin bunaíodh Aonad Soláthair tiomanta agus ceapadh príomhphearsanra. Trí bhainistíocht lárnach ar sholáthair os cionn €25,000, forbairt nótaí beartais, tionscnaimh oiliúna, agus seoladh an tionscnaimh “10 gCéim chun Soláthar a Athrú ó Bhonn” neartaíodh rialachas agus comhlíontacht. Áirítear ar ghníomhartha beartaithe oiliúint leanúnach in 2025, forbairt bhreise ar an suíomh SharePoint, agus cur i bhfeidhm an Phlean Soláthair Chorporáidigh 2025–2027 atá faofa.

Ó mhí Feabhra 2022, bunaíodh Feidhm thiomanta Riosca agus Rialachais, le Creat Rialachais Chorporáidigh nua forbartha agus curtha i bhfeidhm, agus foirmíodh freisin Coiste Bainistíochta Riosca nua agus breisíodh rannpháirtíocht riosca rannach. Forbraíodh, cuireadh in iúl, agus ionchorpraíodh san oiliúint príomhbheartais maidir le frithchalaíocht, breabaireacht, agus caimiléireacht, agus rinneadh iniúchtaí agus athbhreithnithe seachtracha chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht agus rialachas a neartú. Neartaíodh an Fheidhm Iniúchta Inmheánaigh trí fhoireann iniúchta shinsearaigh a earcú, nuashonruithe le doiciméid rialachais, comhoibriú níos mó le Feidhm Rialachais agus Riosca agus ullmhú i gcomhair iniúchtaí amach anseo agus cuir i láthair um bainistíocht riosca leis an mBord Bainistíochta.

Ó bhí 2021 ann, cuireadh i bhfeidhm feabhsuithe suntasacha le rialuithe airgeadais, lena n-áirítear teorainneacha údaraithe athbhreithnithe, deimhniú ISO ar oibríochtaí íocaíochta, agus úsáid fhorleathan a bhaint as Uathoibriú Róbatach Próiseas (RPA) chun monatóireacht agus tuairisciú ar chaiteachas soláthraí agus gníomhaíocht ionaid chostais. Neartaíodh príomhbheartais agus príomhnósanna imeachta amhail Nósanna Imeachta comhdhlúite maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais (PIFCo), bainistíocht sócmhainní seasta, agus rialuithe cárta ceannaigh ar luach íseal, le comhlíontacht á rianú agus á thacú go gníomhach le huirlisí digiteacha. Áirítear ar fheabhsúcháin bhreise tuairisciú BI do léargais Bhoird Bainistíochta, athbhreithnithe seachtracha ar chreata rialaithe airgeadais, agus comhoibriú leanúnach le IRCG chun taifeadadh airgeadais beacht ar idirbhearta agus sócmhainní a chinntiú. Tá an Roinn le haistriú chuig Seirbhís Chomhroinnte Bainistíochta Airgeadais NSSO ar an 29 Meán Fómhair 2025, ag breisiú rialuithe airgeadais a thuilleadh.

Tar éis athbhreithniú ar fheidhm AD, roinneadh freagrachtaí straitéiseacha agus oibríochtúla idir beirt Príomhoifigeach, agus d'ardaigh líon foirne rannach go suntasach agus líonadh príomhról cheannaireachta IRCG trí fheachtais earcaíochta spriocdhírthe. Neartaíodh struchtúir um chaidreamh tionsclaíoch trí chruinnithe déthaobhacha le ceardchumannn, tugadh isteach ról thacaíochta nua laistigh de IRCG chun maoirseacht agus acmhainneacht oibríochtúil a bhreisiú, agus tuilleadh earcaíochta beartaithe do ról innealtóireachta in 2025.

Athchóiríodh socruithe um Nochtuithe Cosanta i gcomhréir le reachtaíocht, arna dtacú ag oiliúint, feachtais feasachta, agus athbhreithnithe seachtracha, agus an Roinn ag dul chun cinn i dtreo bheith ina “Duine forordaithe” maidir le tuairisciú ar shárúithe ar dhlí an Aontais Eorpaigh.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta rioscaí curtha i bhfeidhm ag an Roinn lena shainaithnítear agus lena dtuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt orthu agus, oiread agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú. Tá Creat Bainistíochta Riosca na Roinne comhdhéanta de bheartas bainistíochta riosca, clár riosca ina dtaifeadtar rioscaí oibríochtúla agus straitéiseacha, oifigeach riosca agus coiste bainistíochta riosca, agus ailíniú riosca le pleanáil ghnó bhliantúil.

Tá clár riosca i bhfeidhm a dhéanann na príomhrioscaí i gcoinne na Roinne a shainaithint agus rinneadh na príomhrioscaí sin a shainaithint, a mheasúnú agus a rangú de réir a dtábhachta. Luaitear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na bearta is gá leis na rioscaí a mhaolú, chomh maith leis na baill foirne atá freagrach as na rialuithe áirithe sin a fheidhmiú. Déanann an bhainistíocht áitiúil agus an coiste bainistíochta riosca athbhreithniú ar an gclár rioscaí go ráithiúil. Roinntear nuashonrú ráithiúil maidir le gníomhaíochtaí bainistíochta riosca agus an clár rioscaí le Coiste Iniúcháireachta na Roinne.

Cuirtear an clár rioscaí i láthair an Bhoird Bainistíochta faoi dhó sa bhliain agus cuirtear an tOifigeach Cuntasaíochta ar an eolas maidir le gach riosca nuair a shroicheann an rátáil leibhéal áirithe.

Áiríodh ar fhorbairtí suntasacha i mbainistíocht riosca le linn 2024

- Comhtháthú tuilleadh riosca agus Iniúchta Inmheánaigh, agus Iniúchadh Inmheánach anois ag freastal ar chruinnithe den Choiste Bainistíochta Riosca agus an fheidhm riosca ag freastal ar chruinnithe den Choiste Iniúcháireachta.
- Fostaíodh soláthróir seachtrach chun tabhairt faoi athbhreithniú ar bhainistíocht riosca in 2024 agus déanfaidh an Roinn machnamh ar mholtaí agus ar chur i bhfeidhm an athbhreithnithe in 2025.

Monatóireacht agus athbhreithniú reatha

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a thógáil agus don bhainistíocht agus don Bhord Bainistíochta, nuair is ábhartha, go tráthúil. Dearbhaím go ndearnadh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara a shainaithint agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnamh a shainaithnítear a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistíocht agus rialú riosca. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus na hardbhainistíochta taobh istigh den Roinn atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata um rialú inmheánach airgeadais.

Tugadh faoi iniúchadh inmheánach ar bheartas bainistíochta riosca in 2024 ina ndearnadh roinnt moltaí, agus tá an Roinn ag déanamh tosaíocht díobh sin maidir le cur i bhfeidhm.

Saincheisteanna um rialú inmheánach airgeadais

Níor sainaithníodh aon laige sa rialú inmheánach airgeadais i ndáil le 2024 ar gá iad a nochtadh sa chuntas leithreasa

Ken Spratt

Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Iompair

22 Meán Fómhair 2025

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste Tuarascáil le cur faoi bhráid Dháil Éireann

Vóta 31 Iompar

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 31 Iompar don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 31 Iompar don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

An bonn leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Roinn Iompar agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eitiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair

Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais gur ann do leibhéal ábhartha neamhchomhlíontachta leis na rialacha náisiúnta soláthair i leith conarthaí a bhí i bhfeidhm in 2024.

Seamus Mac Cárthaigh

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

23 Meán Fómhair 2025

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Freagrachtaí an Oifigeach Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as an méid seo a leanas

- an cuntas leithreasa a ullmhú i gcomhréir le halt 22 den Exchequer and Audit Departments Act, 1866
- a áirithiú go mbeidh an cuntas leithreasa i gcomhréir le ceanglais na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, agus le hordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin
- rialtacht na n idirbheart a áirithiú, agus
- cibé rialú inmheánach a chur chun feidhme a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun ullmhú an chuntais leithreasa a chumasú, saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa agus tuairisciú air sin do Dháil Éireann á rá cibé acu, i mo thuairimse, a chuirtear na fáлтаis agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair i gceart sa chuntas.

Is é an cuspóir atá agam agus an t iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíríteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Tá dearbhú réasúnach ina ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht atá ann go mbraithfear le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ar bhonn aonair nó ar an gcomhiomlán, go bhféadfaí a mheas le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Ar an dóigh sin,

- Sainaithním na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a thabhairt ar an gcuntas leithreasa, agus déanaim measúnú air sin, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúcháireachta atá freagrach do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúcháireachta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a sholáthar le mo tuairim. Tá riosca níos mó ag baint le gan míráiteas ábhartha a thagann as calaois a bhrath ná ceann a thagann as earráid a bhrath, ós rud é gur féidir go mbeidh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomhartha intinneacha, mífhaisnéisí nó sárú ar rialú inmheánach i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha maidir leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta atá iomchuí sna himthosca a dhearadh, ach ní dhéanaim amhlaidh chun tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* na Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta i leith, i measc ábhair eile, raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí iniúcháireachta suntasacha, lena n áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar ar leanúint)

Tuairiscím, mar eisceacht, más rud é, i mo thuairimse,

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a d'éiligh mé le haghaidh m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun gur féidir iniúchadh a dhéanamh go fonnmhar agus i gceart ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

Le mo thuairim ar an gcuntas leithreasa, ní chlúdaítear ráiteas an Oifigigh Cuntasaíochta maidir le rialú inmheánach airgeadais, ná ní chuirim in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe maidir leis sin.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, ar an dóigh sin, breithniú a dhéanamh ar cé acu atá an fhaisnéis atá ann ar neamhréir ábhartha leis an gcuntas leithreasa nó leis an eolas a fhaightear ann le linn an iniúchta, nó más cosúil gur tugadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fóras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le fianaise eile a fháil faoi rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Ceanglaítear orm a thuairisciú, faoi alt 3 den Acht um Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, má shainaithním aon chás ábhartha inarb amhlaidh nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch atá beartaithe nó inarb amhlaidh nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ceanglaítear orm freisin, faoi Acht 1993, tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as mo chuid iniúchtaí ar na cuntais leithreasa a mheasaim a bheith iomchuí. Sna cásanna sin, leis na tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa ábhartha tagraítear don chaibidil nó do na caibidlí ábhartha i mo *Thuarascáil bliantúil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí*.

Vóta 31 Iompar

Cuntas Leithreasa 2024				
		2024		2023
		Soláthar sna meastacháin	Olltoradh	Olltoradh
		€000	€000	€000
Caiteachas an chláir				
A	Soghluaisteacht inbhuanaithe – taisteal gníomhach agus glasphealaí			
	Bunmhéid	358,668		
	Géilleadh iarchurtha	30,000		
	Méid Forlíontach	28,551		
			417,219	402,172
				400,888
B	Soghluaisteacht inbhuanaithe – iompar poiblí			
	Bunmhéid	1,636,265		
	Géilleadh iarchurtha	39,825		
	Méid Forlíontach	110,637		
			1,786,727	1,737,451
				1,486,050
C	Gréasáin bóithre agus sábháilteacht ar bhóithre			
	Bunmhéid	1,365,164		
	Géilleadh iarchurtha	50,850		
	Méid Forlíontach	(2,989)		
			1,413,025	1,372,248
				1,462,723
D	Eitlíocht shibhialta			
	Bunmhéid	35,614		
	Géilleadh iarchurtha	8,245		
	Méid Forlíontach	362		
			44,221	32,454
				45,078
E	Iompar muirí agus sábháilteacht mhuirí			
	Bunmhéid	128,533		
	Géilleadh iarchurtha	6,000		
	Méid Forlíontach	7,983		
			142,516	110,938
				113,252
F	Teicneolaíocht faisnéise, rannpháirteachas agus seachadadh taighde			
	Bunmhéid	49,528		
	Géilleadh iarchurtha	6,000		
	Méid Forlíontach	3,447		
			58,975	47,817
				56,622

		Soláthar sna meastacháin		2024 Olltoradh	2023 Olltoradh
		€000	€000	€000	€000
Ollchaiteachas					
	<i>Bunmhéid</i>	3,573,772			
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	140,920			
	<i>Méid Forlíontach</i>	147,991			
			3,862,683	3,703,080	3,564,613
<i>Asbhain</i>					
G	Leithreasá i gcabhair		28,455	22,474	22,801
Glanchaiteachas					
	<i>Bunmhéid</i>	3,545,317			
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	140,920			
	<i>Méid Forlíontach</i>	147,991			
			3,834,228	3,680,606	3,541,812

Barrachas

Tá barrachas an mhéid a soláthraíodh le hais an ghlanmhéid faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, is féidir iomlán nó cuid d'aon leithreasá nár caitheadh le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil a thabhairt anonn lena chaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin. Féach nóta 6.6.

	2024 €	2023 €
Barrachas	153,621,504	168,426,821
Géilleadh iarchurtha	(115,253,000)	(140,920,000)
Barrachas le géilleadh	38,368,504	27,506,821

Ken Spratt

Oifigeach Cuntasaíochta
Iompar

27 Márta 2025

Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 An Ráiteas ar Chostas Oibríochta 2024			
	2024		2023
	€000	€000	€000
Costas an chláir	3,643,032		3,510,235
Pá	47,193		42,387
Neamhphá	12,855		11,990
Ollchaiteachas	3,703,080		3,564,612
<i>Asbhain</i>			
Leithreasáí i gcabhair	22,474		22,801
Glanchaiteachas	3,680,606		3,541,811
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
<i>Maoin, gléasra agus trealamh (nóta 2.1)</i>			
Ceannacháin	(2,450)		
Dímheas	1,299		
Diúscairtí airgid thirim	51		
Brabús ar dhiúscairtí	(29)		
<i>Sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)</i>			
Ceannacháin	(274)		
Amúchadh	439		
		(964)	(3,398)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
(Méadú) ar fhardail	(125)		
(Méadú) ar réamhíocaíochtaí	(422)		
Méadú ar speansais fhabhraithe	7,758		
		7,211	1,992
Caiteachas díreach	3,686,853		3,540,405
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara (nóta 1.1)	20,604		20,235
Measchíosanna	3,721		3,721
